


GCSE



Sonraíocht GCSE CCEA

# Foghlaim don tSaol agus don Obair

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017  
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2018  
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019  
Cód Ábhair: 4810





Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.



### 3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina cheithre aonad. Sa rannán seo leagtar amach an t-inneachar agus an mionsonrú do gach aonad. Ní léiríonn an t-ord ina gcuirtear an t-inneachar i láthair an t-ord teagaisc.

Tá na cuspóirí measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann siad amach na scileanna a fhorbraíonn daltaí agus an t-inneachar thíos in úsáid mar an comhthéacs. Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- a n-eolas agus a dtuiscint ar Foghlaim don tSaol agus don Obair a thabhairt chun cuimhne, a roghnú agus a chur in iúl (CM1);
- scileanna, eolas agus tuiscint ar Foghlaim don tSaol agus don Obair a úsáid (CM2); agus
- faisnéis, foinsí agus fianaise a imscrúdú, a anailísiú, a phlé agus a luacháil, breithiúnais réasúnacha a dhéanamh agus conclúidí a bhaineann le Foghlaim don tSaol agus don Obair a chur i láthair (CM3).

#### 3.1 Aonad 1: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

San aonad seo, imscrúdaíonn daltaí ilchineálacht chultúrtha agus na dúshláin agus na deiseanna a thugann seo dár sochaí. Cíorann siad an ról atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) (NGOs) agus institiúidí daonlathacha, agus fiosraíonn siad an dóigh a gcuireann siad le sochaí chuimsitheach.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<b>Ilchineálacht agus cuimsiú: dúshláin agus deiseanna</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na buntáistí agus na dúshláin as féiniúlacht chultúrtha á cur in iúl</li> <li>• Na tionchair ar fhéiniúlacht chultúrtha duine óg</li> <li>• Cúiseanna agus iarmhairtí na claontachta agus an leithcheala sa tsochaí</li> <li>• Tairbhí agus dúshláin na hinimirce do phobail, don tsochaí agus don gheilleagar</li> <li>• Fáthanna le hinimirce agus bealaí ar féidir le rialtais tacú le himircigh</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p><b>Ilchineálacht agus cuimsiú: dúshláin agus deiseanna (ar lean.)</b></p> <p><b>Ceartha agus freagrachtaí: saincheisteanna áitiúla agus domhanda</b></p> <p><b>Rialtas agus sochaí shibhialta: comhionannas sóisialta agus cearta an duine</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bealaí le cuimsiú a chur chun cinn sa tsochaí trí dhlíthe, beartais, cumarsáid agus oideachas sna háiteanna seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– scoil</li> <li>– pobal</li> <li>– ionad oibre</li> </ul> </li> <li>• Cúiseanna agus iarmhairtí na coimhlinte ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda</li> <li>• Bealaí chun coimhlint idir grúpaí agus tíortha freasúracha a réiteach go síochánta, lena n-áirítear ról na Náisiún Aontaithe</li> <li>• An tábhacht a bhaineann le cearta an duine, lena n-áirítear cearta rannpháirtíochta, cearta cosanta, agus cearta marthanais agus forbartha, i dtaca le:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) (<i>UDHR</i>)</li> <li>– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL) (<i>UNCRC</i>)</li> </ul> </li> <li>• Na cineálacha seo a leanas de shárú ar chearta an duine:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– fostú páistí agus sclábhaíocht</li> <li>– saighdiúirí linbh</li> <li>– dúshaothré gnéasach</li> </ul> </li> <li>• Cothromaíocht a aimsiú idir cosaint a thabhairt do chearta daonna an duine aonair agus do chearta na sochaí</li> <li>• Freagracht shóisialta na ndreamanna seo a leanas maidir le tacú le daonlathas, ceartas sóisialta, comhionannas sóisialta agus cearta an duine:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– rialtas, polaiteoirí, Comhaltaí den Tionól Reachtach (CTRanna) (<i>MLA</i>) agus ionadaithe poiblí</li> <li>– comhlachtaí meán</li> <li>– daoine óga</li> </ul> </li> <li>• Cúiseanna agus iarmhairtí a bhaineann le neamhionannas sóisialta agus éagóir shóisialta</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Rialtas agus sochaí shibhialta: comhionannas sóisialta agus cearta an duine (ar lean.)</b></p> <p><b>Institiúidí daonlathacha: cuimsiú, ceartas agus daonlathas a chur chun cinn</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ról an rialtais i dtaca le comhionannas sóisialta, ceartas sóisialta agus cearta an duine a chur chun cinn trí na rudaí seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– reachtaíocht</li> <li>– beartais</li> <li>– cumarsáid</li> <li>– oideachas</li> </ul> </li> <li>• An tábhacht a bhaineann le hAlt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 i dtaca le comhionannas deiseanna a chur chun cinn, dea-chaidreamh a chur chun cinn agus le daoine a chosaint ar leithcheal</li> <li>• An ról atá ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann i dtaca le comhionannas a chur chun cinn, dea-chaidreamh a chur chun cinn agus leithcheal a chosc</li> <li>• An ról atá ag Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine i dtaca le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn</li> <li>• An ról atá ag an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ENRanna, i dtaca le comhionannas sóisialta a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint</li> <li>• An tábhacht le Comhaontú Aoine an Chéasta (Bhéal Feirste) 1998 agus na heochairghnéithe díobh seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– rialtas cineachta, cumhachtroinnte i dTuaisceart Éireann – Tionól Thuaisceart Éireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</li> <li>– prionsabal an toilithe</li> <li>– an ceart chun saoránacht Bhriotanach agus Éireannach araon a bheith ag duine</li> <li>– cosaintí do chearta an duine agus don chomhionannas</li> <li>– ilchineálacht teangacha a aithint agus an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Institiúidí daonlathacha: cuimsiú, ceartas agus daonlathas a chur chun cinn (ar lean.)</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An struchtúr seo a leanas a bhaineann le Tionól Thuaisceart Éireann: <ul style="list-style-type: none"> <li>– tá CTRanna tofa ann</li> <li>– á stiúradh ag an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire</li> <li>– bunaithe ar chumhachtroinnt thrasphobail idir aontachtaigh agus náisiúnaigh</li> </ul> </li> <li>• Seo thíos príomhróil Thionól Thuaisceart Éireann: <ul style="list-style-type: none"> <li>– ionadaíocht do thoghthóirí</li> <li>– reachtaíocht a fhaomhadh</li> <li>– obair Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann a mhionscrúdú</li> </ul> </li> <li>• An struchtúr seo a leanas a bhaineann le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann: <ul style="list-style-type: none"> <li>– tá ranna rialtais ann faoi stiúir airí a cheapann páirtithe polaitiúla (ba cheart go mbeadh eolas agus tuiscint ag daltaí ar an ról atá ag ceithre cinn ar bith de ranna rialtais Thuaisceart Éireann)</li> </ul> </li> <li>• Na príomhróil seo a leanas a bhaineann le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann: <ul style="list-style-type: none"> <li>– dréachtbhuiséad agus Clár Rialtais a chomhaontú agus a tháirgeadh</li> <li>– reachtaíocht a dhéanamh</li> <li>– comhaontú ar shaincheisteanna suntasacha nó conspóideacha</li> </ul> </li> <li>• Ról agus freagrachtaí CTRanna, lena n-áirítear Cód Iompar Thionól Thuaisceart Éireann</li> <li>• Ról Oifig an Ombudsman don Phóilíniú le gearáin faoi Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) (<i>PSNI</i>) a imscrúdú</li> </ul>



Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Daonlathas agus rannpháirtíocht ghníomhach</b></p> <p><b>Ról ENRanna</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bealaí ar féidir le daoine óga páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha (mar shampla ar scoil, sa phobal agus sa domhan i gcoitinne) agus tionchar a imirt ar athrú ar mhaithe le leas na sochaí</li> <li>• Tairbhí as an rannpháirtíocht seo don duine óg agus don tsochaí</li> <li>• Ról ENRanna i dtaca le comhionannas sóisialta, ceartas sóisialta, cearta an duine agus daonlathas a chur chun cinn trí bheith ag obair ar shaincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda amhail:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– fóirithint ar thubaistí nádúrtha</li> <li>– bochtaineacht</li> <li>– sláinte</li> <li>– leas nó slándáil shóisialach</li> <li>– cearta ainmhithe</li> <li>– an timpeallacht</li> <li>– cogadh agus coimhlint</li> <li>– sárú ar chearta an duine</li> <li>– easpa dídine</li> </ul> <p>(do gach saincheist thuas, ní mór do dhaltaí sampla a thabhairt de ENR a dhéileálann leis an tsaincheist)</p> </li> <li>• Tosca a mhaolaíonn tionchar obair ENRanna</li> </ul>

### 3.2 Aonad 2: Forbairt Phearsanta

San aonad seo, déanann daltaí anailís ar an dóigh a dtéann réim bia, aclaíocht agus sláinte mhothúcháin i bhfeidhm ar fholláine phearsanta. Fiosraíonn siad fosta tuismitheoireacht agus airgeadas pearsanta, agus cuireann na topaicí seo uirlisí bainistíochta saoil ar fáil dóibh.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Sláinte agus folláine phearsanta</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Stíl mhaireachtála shláintiúil a bheith agat – an tionchar atá ag réim bia, aclaíocht agus dearcthaí i leith sláinte agus folláine</li> <li>• Na cúiseanna leis na roghanna stíl mhaireachtála seo a leanas agus na hiarmhairtí, lena n-áirítear an tionchar acu ar shláinte agus ar fholláine:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– alcól a ól</li> <li>– tobac a chaitheamh</li> <li>– drugaí a úsáid (lena n-áirítear drugaí dleathacha ar oideas a mhí-úsáid agus substaintí mídhleathacha a úsáid)</li> </ul> </li> <li>• Na cúiseanna leis na tosca stíl mhaireachtála seo a leanas agus na hiarmhairtí, lena n-áirítear an tionchar acu ar shláinte fhisiceach agus mheabhrach:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– drochshláinteachas</li> <li>– strus</li> <li>– cothromaíocht oibre is saoil éagothrom</li> <li>– ioncam</li> </ul> </li> <li>• Meabhair shláintiúil a fhorbairt – ag déileáil leis na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le himní, strus agus dúlagar</li> <li>• Tacú le daoine óga le handúil agus le fadhbanna meabhairshláinte, agus foinsí tacaíochta</li> </ul>
<p><b>Mothúcháin agus freagairtí ar eispéiris an tsaoil</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Féinchoincheap dearfach a fhorbairt</li> <li>• Bealaí ar féidir le daoine óga mothúcháin agus freagairtí ar eispéiris an tsaoil a bhainistiú</li> <li>• Tionchar an athraithe ar fhorbairt phearsanta dhaoine óga, lena n-áirítear:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– dul ar choláiste nó ar ollscoil</li> <li>– tosú ar phost nua</li> <li>– bogadh isteach le páirtí nó ag pósadh</li> <li>– bheith dífhostaithe</li> </ul> </li> <li>• Athrú a bhainistiú ar bhealaí dearfacha</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Caidrimh agus gnéasacht</b></p> <p><b>Sábháilteacht agus folláine phearsanta</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na tosca dearfacha a chuidíonn le caidrimh shláintiúla, mheasúla a bhunú i dteaghlaigh, i bpiarghrúpaí agus i gcaidrimh ghnéasacha</li> <li>• Na héifeachtaí a bhíonn ag gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar fholláine an duine óig</li> <li>• Na héifeachtaí fisiceacha agus mothúchánacha is féidir a bheith ag caidrimh mhíshláintiúla ar dhaoine aonair</li> <li>• Cineálacha tacaíochta atá ar fáil do dhaoine i gcaidrimh mhíshláintiúla</li> <li>• Na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le hiompar dul i riosca</li> <li>• Riosca a mheasúnú agus a bhainistiú sna comhthéacsanna seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– iompar frithshóisialta</li> <li>– gnéas gan chosaint</li> <li>– féindochar d’aon turas</li> <li>– bia-aiste dhian nó iomarcach</li> <li>– rólongadh éigníoch</li> <li>– tiomáint chontúirteach (gadaíocht feithicle nó bheith mar phaisinéir i bhfeithicil ghoidte, nó ag tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí)</li> </ul> </li> <li>• Tairbhí agus mí-úsáid na meán sóisialta</li> <li>• Na cineálacha mí-úsáide seo a leanas agus na bealaí lena n-aithint:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– mí-úsáid chorpartha</li> <li>– mí-úsáid mhothúchánach</li> <li>– mí-úsáid ghnéasach</li> <li>– faillí</li> <li>– dúshaothrú</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Sábháilteacht agus folláine phearsanta (ar lean.)</b></p> <p><b>Tuismitheoireacht fhreagrach</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Straitéisí pearsanta agus beartais rialtais le déileáil leis na rudaí seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– Mí-úsáid chorpartha agus mhothúchánach, mar shampla foréigean agus mí-úsáid teaghlaigh agus ghnéasach</li> <li>– Faillí, mar shampla bia, éadaí, dídean agus maoirseacht</li> <li>– Dúshaothrú gnéasach, mar shampla ionsaí gnéasach, éigniú agus striapachas</li> <li>– Dúshaothrú, mar shampla gáinneáil ar dhaoine agus ciorrú baill ghiniúna ban (<i>FGM</i>)</li> </ul> </li> <li>• Straitéisí pearsanta agus beartais rialtais le déileáil le bulaíocht (lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus bulaíocht homafóbach)</li> <li>• Éifeachtaí fisiceacha agus mothúchána na mí-úsáide ar fhorbairt phearsanta, ar shláinte agus ar fholláine an duine óig</li> <li>• Ról agus freagrachtaí tuismitheoirí, páistí agus daoine óga i struchtúir teaghlaigh éagsúla</li> <li>• An éifeacht shóisialta, mhothúchánach agus eacnamaíoch as bheith ina thuismitheoir</li> <li>• Na deiseanna agus na dúshláin i dtaca le freagracht tuismitheoirí don chúramóir, don thuismitheoir altrama, uchtála, aonair, comhghnéis, déagóra, óg, scothaosta agus/nó leas-tuismitheoirí</li> <li>• Ról na tuismitheoireachta i dtaca le forbairt fhisiceach, shóisialta, mhothúchánach, intleachtúil agus mhorálta an pháiste</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p><b>Cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Buiséad a bhainistiú</li> <li>• Na hiarmhairtí mar gheall ar dhrochbhuiséadú</li> <li>• Cinntí airgeadais a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas bunaithe ar thaighde, comhairle agus creidiúnacht faisnéise:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– siopadóireacht ar líne</li> <li>– iasachtaí pearsanta</li> <li>– baincéireacht idirlín</li> <li>– cuntais reatha</li> <li>– scéimeanna coigiltis</li> <li>– cuntais choigiltis aonair (<i>ISAs</i>)</li> </ul> </li> <li>• Cosaint i gcoinne calaoise agus bradaíl aitheantais sna comhthéacsanna seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– cártaí dochair</li> <li>– cártaí creidmheasa</li> <li>– íocaíochtaí gan tadhall</li> <li>– siopadóireacht ar líne</li> <li>– camscéimeanna infheistíochta</li> <li>– baincéireacht idirlín</li> </ul> </li> <li>• Cinntí airgeadais a dhéanamh, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna tomhaltóirí</li> <li>• Na buntáistí agus na míbhuntáistí as suíomhanna gréasáin comparáide a úsáid faoi choinne árachas cairr agus tí, leictreachais, gáis agus ola</li> <li>• Foinsí comhairle airgeadais agus cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear reachtaíocht tomhaltais ábhartha:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– An tAcht um Chearta Tomhaltóirí 2015</li> <li>– Rialacháin um Chosaint do Thomhaltóirí i gcoinne Trádáil Éagothrom 2008</li> <li>– An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 2006</li> </ul> </li> </ul>

### 3.3 Aonad 3: Infhostaitheacht

San aonad seo, ullmhaíonn daltaí iad féin don fhostaíocht amach anseo trí chioradh a dhéanamh ar na próisis agus na scileanna a bhaineann le post a fháil. Déanann siad anailís agus luacháil ar fhreagrachtaí fostóirí agus fostaithe, agus imscrúdaíonn siad an dóigh a dtéann domhandú i bhfeidhm ar fhostaíocht.

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p><b>Tionchar an domhandaithe ar an fhostaíocht</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na bealaí seo a leanas a dtéann athraithe eacnamaíocha domhanda i bhfeidhm ar Thuaisceart Éireann: <ul style="list-style-type: none"> <li>– patrúin fostaíochta atá ag athrú</li> <li>– imirce</li> <li>– fás agus tionchar na nuatheicneolaíochtaí</li> <li>– easpaí scileanna sa lucht saothair</li> <li>– gairmeacha atá ag teacht chun cinn mar gheall ar dhomhandú</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Ullmhú don fhostaíocht: earcaíocht agus roghnú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na scileanna, na cáilíochtaí agus na dearcacha atá de dhíth le haghaidh gairm rathúil</li> <li>• An tábhacht a bhaineann le foghlaim ar feadh an tsaol le barr do chumais phearsanta agus ghairmiúil a bhaint amach</li> <li>• Bealaí a ndéanann fostóirí measúnú ar oiriúnacht iarrthóirí do phost</li> <li>• Na céimeanna seo a leanas le hullmhú d’agallamh: <ul style="list-style-type: none"> <li>– taighde a dhéanamh ar an phost agus ar an fhostóir</li> <li>– freagairtí ar cheisteanna féideartha a ullmhú, lena n-áirítear samplaí a sholáthar chun taithí a léiriú</li> <li>– agallamh bréige a dhéanamh</li> </ul> </li> <li>• Féinluacháil agus athmhachnamh a dhéanamh ar agallamh le feidhmíocht amach anseo a fheabhsú</li> </ul>
<p><b>Ceartha agus freagrachtaí fostóirí agus fostaithe</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Conradh fostaíochta, agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta</li> <li>• Freagrachtaí fostóra agus fostaí</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p><b>Ceartha agus freagrachtaí fostóirí agus fostaithe (ar lean.)</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na codanna seo a leanas de chód iompair san ionad oibre: <ul style="list-style-type: none"> <li>– meas ar fhéiniúlacht agus ar ilchineálacht</li> <li>– iompar freagrach</li> <li>– gnás feistis</li> <li>– úsáid na meáin shóisialta</li> <li>– úsáid fón póca</li> <li>– rúndacht a choinneáil</li> </ul> </li>   <li>• Caidrimh oibre dhearfacha a fhorbairt, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí measúla a choinneáil agus coimhlint a bhainistiú, trí na rudaí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>– páirt a ghlacadh in oiliúint foirne</li> <li>– cloí le reachtaíocht ar chomhionannas fostaíochta</li> <li>– cloí le beartais san ionad oibre</li> <li>– dea-chleachtas a roinnt</li> <li>– atmaisféar oibre dearfach a chur chun cinn</li> </ul> </li>   <li>• Na cúiseanna le strus fostaithe a bhaineann le hobair agus na hiarmhairtí air</li>   <li>• Na bealaí seo a leanas le déileáil le strus a bhaineann le hobair: <ul style="list-style-type: none"> <li>– pleanáil agus eagrúchán níos fearr</li> <li>– plé le fostóir</li> <li>– comhairle ó ghníomhaireachtaí seachtracha</li> <li>– comhairleoireacht</li> <li>– asláithreacht ón obair</li> </ul> </li>   <li>• Na ról seo a leanas atá ag ceardchumainn agus a dtionchar san ionad oibre: <ul style="list-style-type: none"> <li>– ceartha fostaithe a chosaint</li> <li>– caidrimh oibre dhearfacha a chur chun cinn</li> <li>– sochair a sholáthar dá mbaill</li> <li>– sláinte, sábháilteacht agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn</li> </ul> </li>   <li>• Na hiarmhairtí ar fhostóirí agus ar fhostaithe mura gcomhlíonann siad a bhfreagrachtaí</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p><b>Freagracht shóisialta gnólachtaí</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na bealaí seo a leanas inar féidir le gnólachtaí a bhfreagracht shóisialta a léiriú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– dul i ngleic le saincheistanna timpeallachta</li> <li>– tacú leis an phobal áitiúil, mar shampla urraíocht a sholáthar d’fhoirne spóirt agus do thionscadail áitiúla</li> <li>– scéimeanna dearbháin</li> <li>– cláir scoláireachtaí</li> <li>– socrúcháin taithí oibre</li> <li>– úsáid táirgí áitiúla a spreagadh</li> </ul> </li> <li>• Na tairbhí seo a leanas do ghnólachtaí as bheith freagrach go sóisialta: <ul style="list-style-type: none"> <li>– poiblíocht mhéadaithe</li> <li>– díolacháin mhéadaithe</li> <li>– caidreamh pobail níos fearr</li> <li>– fostaithe féideartha a mhealladh</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Féinfhostaíocht a fhiosrú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An tábhacht don fhiontraí as taighde a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas roimh ghnólacht a bhunú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– taighde a dhéanamh ar an ghá le táirge nó seirbhís</li> <li>– roghanna maoinithe don ghnólacht</li> <li>– an táirge nó an tseirbhís a sholáthar</li> <li>– margaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh don táirge nó don tseirbhís</li> <li>– suíomh táirge nó seirbhíse</li> </ul> </li> <li>• Na buntáistí agus na míbhuntáistí as bheith féinfhostaithe, mar shampla deiseanna agus rioscaí</li> <li>• An tacaíocht a thugann rialtas agus gníomhaireachtaí neamhrialtasacha do ghnólachtaí nua agus do ghnólachtaí atá i mbéal forbartha</li> </ul>
<p><b>Bainistíocht gairme phearsanta</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Pleanáil gairme mar phróiseas foghlama feadh an tsaoil ina mbeidh na rudaí seo a leanas le déanamh: <ul style="list-style-type: none"> <li>– athbhreithniú agus luacháil ar fhoghlaim, dul chun cinn agus an méid atá bainte amach</li> <li>– aidhmeanna a shocrú</li> <li>– spriocanna a shocrú (spriocanna sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíocha agus uainithe (<i>SMART</i>))</li> <li>– beart a dhéanamh</li> </ul> </li> </ul>



Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<b>Bainistíocht gairme phearsanta (ar lean.)</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Na scileanna, na cáilíochtaí agus na dearcthaí pearsanta atá de dhíth faoi choinne gairm roghnaithe</li><li>• Straitéisí cinnteoireachta a fhorbairt agus na tairbhí as roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le gairm</li><li>• Tionchair sheachtracha agus an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar dhearcthaí daoine óga maidir le hoideachas, oiliúint agus fostaíocht</li></ul>

### 3.4 Aonad 4: Imscrúdú (Tasc Measúnú Rialaithe)

San aonad seo, déanann daltaí tasc **amháin** ó rogha de thrí cinn. Tugann an tasc deiseanna do dhaltáí scileanna inaistrithe agus ábaltachtaí pearsanta a fhorbairt (féach Aguisín 2 agus Aguisín 3). Baineann an tasc le himscrúdú ar thopaic i gceann **amháin** de na haonaid seo a leanas:

- Aonad 1: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda;
- Aonad 2: Forbairt Phearsanta; nó
- Aonad 3: Infhostaitheacht.

#### Inneachar don Tasc Measúnú Rialaithe

Ní mór do dhaltáí Codanna A-E a chomhlánú.

Cuid den Tasc	Cur síos	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p><b>Cuid A: Pleanáil</b></p> <p>800 focal</p>	<p>Ní mór dó dhaltáí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• ceisteanna taighde a mholadh;</li> <li>• cur síos ar roghanna le haghaidh modhanna taighde;</li> <li>• an cur chuige taighde acu a roghnú agus a chosaint;</li> <li>• plean taighde a tháirgeadh ina bhfuil foinsí, gníomhartha, spriocanna agus sprioc-amanna; agus</li> <li>• míniú a thabhairt ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna atá beartaithe acu a fhorbairt tríd an tasc a chomhlánú.</li> </ul>	<p>Fadhbréiteach</p> <p>Cumarsáid</p> <p>Féin-Bhainistíocht</p>

Cuid den Tasc	Cur síos	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p><b>Cuid B: Taighde</b></p> <p>400 focal</p>	<p>Ní mór do dhaltaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a bhfianaise a bhailiú, a thiomsú agus trácht a dhéanamh uirthi;</li> <li>• bailíocht, iontaofacht agus cruinneas a bhfoinsí agus a dtorthaí taighde a anailísiú, lena n-áirítear anailís a dhéanamh le haghaidh claontachta agus/nó aidhm ar leith;</li> <li>• a n-anailís a chosaint;</li> <li>• an dul chun cinn acu a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh air; agus</li> </ul>	<p>Fadhbréiteach</p> <p>Féin-Bhainistíocht</p> <p>Cumarsáid</p>
<p><b>Cuid C: Torthaí á gCur in Iúl</b></p> <p>1400 focal</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a dtorthaí taighde a chur in iúl i <b>dtuairisc scríofa nó cur i láthair digiteach</b> (ní dhéantar na daltaí a mheasúnú agus iad i mbun a gcur i láthair a thabhairt) ina bhfuil na ceithre rannán seo a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– <b>Intreoir</b> – ina dtugtar réasúnaíocht agus cuspóir an taighde;</li> <li>– <b>Torthaí Taighde</b> – ina bhfuil a dtuairimí féin agus tuairimí daoine eile faoina n-eochairthorthaí taighde, agus léirmhíniú agus míniú ar a dtorthaí taighde féin;</li> <li>– <b>Luacháil ar Thaighde</b> – luacháil ar láidreachtaí agus ar laigí, agus réimsí atá le feabhsú a shainaitheint; agus</li> <li>– <b>Conclúid</b> – plé a dhéanamh ar luacháil, ar a bpríomhthorthaí agus ar a dtuairimí.</li> </ul> </li> </ul>	<p>Fadhbréiteach</p> <p>Féin-Bhainistíocht</p> <p>Cumarsáid</p>

Cuid den Tasc	Cur síos	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p><b>Cuid D:</b> <b>Féin-Luacháil</b></p> <p>400 focal</p> <p><b>Cuid E:</b> <b>Cur i láthair an Taisc</b></p>	<p>Ní mór do dhaltaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a mheasúnú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a d’fhorbair siad; agus</li> <li>– a bhfeidhmíocht sa chur chuige taighde agus san obair í féin, agus réimsí atá le feabhsú a mholadh;</li> </ul> </li> <li>• a dtasc a chur i láthair ar thaobh amháin de leathanaigh uimhrithe A4 i bhfillteán comhréidh A4 ina bhfuil: <ul style="list-style-type: none"> <li>– innéacs;</li> <li>– ceannteidil rannáin;</li> <li>– leabharliosta; agus <ul style="list-style-type: none"> <li>– sleamhnáin nó nótaí láithreoireachta, de réir mar is cuí; agus</li> </ul> </li> </ul> </li> <li>• na líonta focal a lua, de réir mar is cuí (le haghaidh tuilleadh eolais, féach Rannán 6.5).</li> </ul>	<p>Féin-Bhainistíocht</p> <p>Cumarsáid</p> <p>Féin-Bhainistíocht</p>



INVESTORS  
IN PEOPLE

